



# AN COIMISIÚN UM CHADREAMH SAN ÁIT OIBRE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

Curtha faoi bhráid an Aire Stáit le freagracht speisialta  
as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach  
an AE agus Cosaint Sonraí

de réir

alt 23(1) agus alt 23(3) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015



# WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission

# CLÁR NA NÁBHAR

Tuarascáil an Ard-Stiúirthóra	2
Bord an Choimisiúin	3
Eochairtháscairí Feidhmíochta	4
Feidhmeanna an Choimisiúin	7
Acmhainní in 2018	8
Tuarascálacha Seirbhíse	9
Aguisíní	30

# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Cúis áthais dom an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) a chur faoi bhráid an Aire.

Tá foireann de bheagán faoi bhun 200 ag an WRC, mar aon le breis is 30 Breithneoir seachtrach, oifigí i gcúig shuíomh agus bunáiteanna oibríochta le haghaidh éisteachtaí agus cruinnithe i roinnt mhaith contaetha, agus soláthraíonn sé seirbhís thábhachtach, saor in aisce agus ar ardchaighdeán ar bhonn náisiúnta.

I rith na bliana a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi tugadh méadú suntasach faoi deara ar éileamh agus ar aschur sna seirbhísí ar fad:

- **Mhéadaigh fiosrúcháin teileafóin 10%**
- **Mhéadaigh atreoruithe idir-réitigh 13%**
- **Mhéadaigh na gearáin aonair curtha faoi bhráid le haghaidh breithnithe nó iniúchta 10%**
- **Mhéadaigh na hiniúchtaí críochnaithe 20%**
- **Mhéadaigh na hiniúchtaí éiste 20%**
- **Mhéadaigh na cinntí breithnithe 32%**
- **Mhéadaigh na hidirghabhálacha 220%**

Reáchtáil an WRC a sheimineáir tionscnaimh dar teideal 'The World of Work: A Shifting Landscape' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2018. I rith an tseimineáir pléadh na hathruithe atá ag tarlú faoi láthair agus a tharlóidh amach anseo a mbeidh tionchar acu ar chéatadán an-mhór de lucht saothair na hÉireann. San am céanna, i gcomhpháirt leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, d'fhoilsíomar tuarascáil thábhachtach dar teideal, 'Measuring Contingent Employment in Ireland'.

In 2018, lean an WRC lena chórais inmheánacha a leathnú agus a fheabhsú; tá ardán nua próisis don Rannán Iniúchtaí agus Forfheidhmithe beo anois, agus tá tús curtha le hobair ullmhúcháin ar chóras nua bainistíocht cáis don tSeirbhís Idir-réitigh, Chomhairleach agus Idirghabhála.

Chuir Bord an WRC ráiteas straitéise faoi bhráid an Aire dar teideal, 'Fair and Compliant Workplaces and Equal Treatment in Services,' don tréimhse 2019-2022. Is í an sprioc atá leagtha síos sa ráiteas don WRC é féin a bhunú mar cheannaire domhanda chomh fada is a bhaineann le seirbhíse caidreamh san áit oibre atá éifeachtach, éifeachtúil agus iontaofa a sholáthar trína bhunluachanna - Iontaoibh, Neamhspleáchas, Neamhchlaontacht agus Nuálaíocht.

Cuireann an Straitéis leis an obair mhór atá déanta ag an bhfoireann, ó bunaíodh an WRC in 2015, chun seirbhís caidreamh san áit oibre a bhunú a mbeidh cáil uirthi i ngeall ar chaighdeán seirbhíse, agus seirbhís a fhreastalaíonn ar na húsáideoirí ar fad. Ní bheadh torthaí agus éachtaí na bliana seo caite, a bhfuil cur síos déanta orthu sa tuarascáil seo, curtha i gcrích gan díograis agus tiomantas na foirne.

Anuraidh d'fhág an tArd-Stiúrthóir, Oonagh Buckley, Uasal, slán againn. Thar ceann fhoireann an WRC is mian liom buíochas a ghabháil léi as an obair shuntasach a rinne sí thar ceann an WRC agus gach rath a ghuí orthu ina post nua.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire, an Bord, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, a raibh ról lárnach aici i gcur i gcrích éachtaí an WRC go dtí seo, as a dtacaíocht leanúnach.



**Liam Kelly**  
Ard-Stiúrthóir (*Gníomhach*)

# BORD AN CHOIMISIÚIN

Tá Bord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) faoi chathaoirleacht an Dr. Paul Duffy, Leas-Uachtarán, Pfizer Global Supply



Dr. Paul Duffy (Cathaoirleach)

## COMHALTAÍ BOIRD



Liam Berney



Maeve McElwee



Dr. Michelle O'Sullivan



Deirdre O'Brien



Geraldine Hynes



Richard Devereux



Audrey Cahill



Shay Cody

## Táillí/Eitic in Oifig Phoiblí

Tá na tuairisceáin chúí curtha i gcrích ag na Comhaltaí Boird, Breithneoirí, Coimisinéirí um Chearta agus Oifigigh ábhartha an Choimisiúin faoi na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí. Níl aon táille á fáil ag an gCathaoirleach agus comhaltaí Boird i ndáil le feidhmiú a ndualgas mar chomhaltaí Boird.

## Cruinnithe Boird

Bhí ceithre chruinniú Boird ann in 2018; i mí Feabhra, Bealtaine, Meán Fómhair agus Samhain. Reáchtáladh cruinniú na Bealtaine in Oifig an WRC i Sionainn, Co. an Chláir.



## Clár Oibre 2019

De réir alt 22(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, d'ullmhaigh an Bord Clár Oibre 2019. Tá an clár seo faofa ag an Aire Pat Breen, T.D., Aire Stáit le freagracht speisialta as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí. Is féidir Clár Oibre 2019 a íoslódáil ar shuíomh gréasáin an WRC.

## Ráiteas Straitéise 2019 – 2022

De réir alt 21 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, chuir an Bord ráiteas straitéise trí bliana faoi bhráid an Aire dar teideal, 'Fair and Compliant Workplaces and Equal Treatment in Services,' i mí na Nollag 2018. Tagann an straitéis seo i gcomharba ar an gcéad straitéis dá leithéid dar teideal, 'Assisting the Recovery in a Changing and Challenging Environment'.

## Ard-Stiúrthóir

Ar an 1 Samhain 2018, shann an tAire, Liam Kelly, Príomhoifigeach Oibríochtaí, chun feidhmiú mar Ard-Stiúrthóir, go dtí go gceapfar Ard-Stiúrthóir nua.

# EOCHAIRMHÉADRACHT FEIDHMÍOCHTA

## GNÍOMHAÍOCHT WRC 2018



**7,724**

Comhad maidir  
le gearáin  
bhreithnithe faighte



**15,451**

Gearán sonrach faighte



**5,312**

Éisteacht  
bhreithnithe



**2,964**

Cinneadh  
breithnithe eisithe



Beagnach gach **gearán breithnithe** faighte  
próiseáilte **in níos lú ná 9 mhí**



## An cineál gearáin

as na gearáin shonracha faighte

BHAIN

**27%**

le Ceisteanna Pá



BHAIN

**13%**

le hAm Oibre



BHAIN

**14%**

le Dífhostú Éagórach

BHAIN

**14%**

le hIrdhealú /  
Comhionannas

BHAIN

**9%**

le Díospóidí Trádála /  
Ceisteanna  
Caidrimh Thionsclaíoch

BHAIN

**8%**

le Téarmaí &  
Coinníollacha  
Fostaíochta

# EOCHAIRMHÉADRACHT FEIDHMÍOCHTA

## GNÍOMHAÍOCHT WRC 2018



**5,753**

Iniúchadh  
curtha i gcrích

**133,462**

Fostaí clúdaithe ag  
iniúchtaí



**€3.1m**

Pá

gnóthaithe (suas 75%)



**€2.7m**

Amharc  
gréasáin (suas 17%)

**1,145**

Comhdháil  
idir-réitigh  
reáchtáilte,  
ag déileáil le

**900,000+**  
fostaí



Gearáin  
bhreithnithe  
leagáide  
laghdaithe  
go dtí

**151**



**57,348**

Glaó ar  
líne  
eolais



**Aghaidh ar**

**Aghaidh**

idirghabháil suas

**206%** ar 2017



# EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

## Athbheithniú Gníomhaíochta Trí Bliana 2016-2018

Gníomhaíocht	2016	2017	2018	Iomlán
<b>Idir-réiteach</b>				
Éascú	1,348	1,239	1,145	3,732
Comhdhálacha	423	995	500	1,918
<b>Idirghabháil</b>				
Teileafón	662	376	1,241	2,279
Aghaidh	69	197	603*	869
<b>Breithniú</b>				
Comhaid ghearán	6,863	7,317	7,724	21,904
Gearán	14,004	14,001	15,451	43,456
Breithnithe Gearán éiste	3,518	4,370	5,312	13,200
Cinntí eisithe	1,232	2,247	2,964	6,443
Leagáid (ar láimh)	1,628	295	151	-
<b>Comhairleach</b>				
Tionscadail nua	64	68	44	176
<b>Iníúchadh</b>				
Curtha i gCrích	4,830	4,747	5,753	15,330
Pánna gnóthaithe	€1,500,000	€1,770,000	€3,100,000	€6,370,000
Ionchúisimh	136	125	98	359
<b>Faisnéis</b>				
Glaonna freagartha	59,549	52,001	57,348	168,898
Cuairteanna gréasáin	2.2m	2.3m	2.7m	7.2m

Lena n-áirítear 363 'Comhghníomhaíocht'



# FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

## Seo a leanas príomhfheidhmeanna an WRC:

- Feabhsú agus cothabháil dea-chaidrimh san áit oibre.
- Comhlíonadh le reachtaíocht ábhartha fostaíochta, comhionannais agus stádas comhionann a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Treoir a thabhairt maidir le comhlíonadh le Cóid Chleachtais.
- Athbhreithnithe agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ar chaidreamh san áit oibre go ginearálta.
- Taighde ábhartha a dhéanamh nó a choimisiúnú agus comhairle, eolas agus torthaí an taighde a chur i láthair na gComhchoistí Saothair agus Comhchomhairlí Tionscail.
- Comhairle a chur ar an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le cur i bhfeidhm, agus comhlíonadh le reachtaíocht ábhartha.
- Eolas a chur ar fáil don phobal faoi reachtaíocht fostaíochta.<sup>1</sup>

Tugtar léargas i bpríomhsheirbhísí an Choimisiúin ar na feidhmeanna seo agus áirítear ina measc luathréiteach díospóidí, idirghabháil, idir-réiteach, éascú agus seirbhísí comhairleacha, agus breithniú ar ghearáin agus ar dhíospóidí. Cuirtear comhlíonadh le cearta fostaíochta agus comhionannas chun cinn, agus reachtaíocht stádas comhionann agus, más gá, déantar é seo a chomhlíonadh trí fhorfheidhmiú. Chomh maith leis sin, cuireann sé eolas maidir le cearta fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch ar fáil don phobal agus próiseálann sé ceadúnais gníomhaireachtaí fostaíochta agus cosaint daoine óga (fostaíocht).

<sup>1</sup> *Faisnéis faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta curtha ar fáil ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas*

# ACMHAINNÍ IN 2018

## An costas a bhaineann le seirbhísí an WRC a chur ar fáil

Is oifig de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta é an WRC atá á mhaoiniú tríd an Vóta Roinne foriomlán.

<b>Neamhphá</b>	<b>€2,314m</b>
<b>Pá</b>	<b>€11,700m</b>
<b>Iomlán</b>	<b>€14,014m</b>

Ag deireadh 2018, bhí an leithdháileadh foirne cothrom le 179 fostaí buan ar státseirbhísigh iad agus cuid d'fhoireann iomlán na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá 31 comhalta foirne seachtrach Breithnithe páirteach san fhoireann freisin Oifigigh a bhfuil conradh acu chun cabhrú leis an tSeirbhís Breithnithe cás ar chás. Méadóidh an líon seo mar go mbeidh Breithneoirí seachtracha nua páirteach san fhoireann in 2019.

## Soláthar foirne

<b>Ard-Stiúrthóir</b>	<b>1.00</b>
<b>Príomhoifigeach Oibríochtaí</b>	<b>1.00</b>
<b>Príomhoifigeach</b>	<b>6.00</b>
<b>Príomhoifigeach Cúnta</b>	<b>20.40</b>
<b>Aturnae</b>	<b>1.53</b>
<b>Ardoifigeach Feidhmiúcháin</b>	<b>21.30</b>
<b>Oifigeach Feidhmiúcháin</b>	<b>67.06</b>
<b>Oifigeach Cléireachais</b>	<b>60.50</b>



# TUARASCÁLACHA SEIRBHÍSE

## SEIRBHÍSI CORPARÁIDEACHA

Soláthraíonn an Rannán Seirbhísi Corparáideacha tacaíocht thábhachtach acmhainní agus áiseanna don WRC a chabhraíonn leis chun a phríomhchuspóirí a chur i gcrích.

### Rialachas

Cinntíonn an WRC go bhfuil a ghníomhaíochtaí pleanáilte agus go gcuirtear a acmhainní i bhfeidhm ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir, agus go bhfuil ceanglais rialachais na Státseirbhíse á gcomhlíonadh. Áirítear anseo faireachán leanúnach ar dhul chun cinn i gcomparáid le pleananna gnó, athbhreithniú rialta ar an timpeallacht riosca agus, más gá, gníomhaíocht riachtanach chun rioscaí féideartha a mhaolú.

### Acmhainní Daonna

Tá roinnt mhaith dul chun cinn déanta maidir le plean cuimsitheach AD an WRC a chur chun feidhme agus tá sé saincheaptha chun léargas a thabhairt ar na huaimhianta atá luaite i ráiteas straitéise 2019-2022, a chuireann lenár saineolas, barr feabhais i soláthar seirbhíse, agus caomhnú agus feabhsú ár mbonn leathan eolais. Rinneadh athbhreithniú agus cuireadh feabhas ar acmhainn foirne, pleanáil chomharbais, scileanna, rannpháirtíocht agus leas foirne ar bhonn leanúnach in 2018, lena chinntiú go mbaineann comhaltaí foirne an méid úsáide agus is féidir as a bpoitéinseal agus go gcomhlíontar riachtanais geallsealbhóirí.

### Cumarsáid agus For-rochtain

I Meitheamh 2018, sannadh saineolaí cumarsáide agus meáin don WRC, atá freagrach as an gcéad straitéis cumarsáide a dhréachtú don WRC le haghaidh 2019-2020. Bunaíodh Coiste Cumarsáide, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Stiúrthóra agus ar a bhfuil ionadaithe ó Rannáin éagsúla an WRC agus ó Aonad Cumarsáide na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

### Seimineár WRC

Reáchtáil an WRC a sheimineár tionscnaimh dar teideal 'The World of Work: A Shifting Landscape' i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 6 Feabhra 2018.

I rith an tseimineáir pléadh na hathruithe atá ag tarlú faoi láthair agus a tharlóidh amach anseo a mbeidh tionchar acu ar chéatadán an-mhór de lucht saothair na hÉireann.

Chomh maith leis sin, pléadh ceisteanna beartais níos ginearálta, cosúil le conarthaí oibre sealadacha, atá ag éirí níos coitianta de réir a chéile, agus na himpleachtaí a bheidh ag lucht saothair atá ag dul in aois ar chaidreamh fostaíochta.

### Suirbhé Custaiméirí

I mBealtaine 2018, d'fhoilsigh an WRC torthaí a chéad suirbhé custaiméirí.

Seo a leanas príomhthorthaí an tsuirbhé custaiméirí:

- Bhí na leibhéil sástachta leis an tSeirbhís Idir-réitigh an-ard (c.90%), mar gheall ar ghairmiúlacht, cumas, scileanna, tuiscint ar shaincheisteanna agus neamhchlaontacht na foirne.
- Bhí na rátálacha foriomlána ar an bpróiseas iniúchta ard; bhí 91% de fhreagróirí an-sásta le gairmiúlacht na Cigireachta, Cheap 85% de fhreagróirí go raibh an seirbhís neamhchlaonta, chuir 83% in iúl go raibh tuiscint níos fearr acu ar reachtaíocht fostaíochta i ndiaidh an iniúchta agus bhí breis is leath de na fostóirí neamhchomhlíontacha comhlíontach ar bhonn deonach go gairid ina dhiaidh sin.
- I measc na ndaoine a d'úsáid an tSeirbhís Chomhairleach, bhí na leibhéil sástachta leis an tseirbhís, an próiseas agus an fhoireann ard, agus, dá mbeadh gá leis, chuir na freagróirí in iúl go mbainfidís úsáid as an tSeirbhís arís.
- Bhí an leibhéal sástachta leis an tseirbhís teileafóin ard; chuir os cionn 90% de chustaiméirí in iúl go raibh siad sásta leis an tseirbhís, leis an méid a bhí ar eolas ag an bhfoireann, agus soiléire agus úsáideacht an eolais a cuireadh ar fáil.



- Chuir breis is 80% d'úsáideoirí in iúl gur mheas siad go raibh an tSeirbhís Idirghabhála go hiomlán neamhchlaonta agus bhí dhá thrian d'úsáideoirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil – cé go raibh tionchar ag an toradh air seo. Bhí rátaí sástachta na ndaoine a raibh toradh dearfach ar an bpróiseas idirghabhála a thionscain siad i bhfad níos airde.
- Mar an gcéanna, is cosúil go raibh tionchar ag an toradh ar thuairim na bhfreagróirí maidir leis an tSeirbhís Breithnithe. As measc na ndaoine a cuireadh faoi agallamh, bhí 56% sásta lena dtaithí fhoriomlán ar an tSeirbhís. Bhí Breithneoirí á rátaíl go dearfach, áfach, chuir seachtar as gach deichniúr úsáideoirí seirbhíse in iúl go raibh na Breithneoirí agus an tacaíocht a fuair siad gairmiúil agus rátáil dhá thrian d'úsáideoirí seirbhíse Breithneoirí go dearfach maidir le neamhchlaontacht, beag beann ar an toradh.

### Suíomh Gréasáin nua WRC

Rinneadh suíomh gréasáin athdheartha don WRC a sholáthar agus a dhearadh i rith 2018. Beidh an suíomh gréasáin nua beo go luath in 2019. Beidh an t-eispéireas úsáideoirí feabhsaithe agus cruthófar aitheantas ar líne ar leith don WRC agus don Chúirt Oibreachais.



### Córas um Fhorfheidhmiú Comhlíontachta Cearta Fostaíochta (ERCES)

Lean an WRC le feidhmchláir gnó a dhearadh agus a rolladh amach ar a ardán teicneolaíochta do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) chun tacú lena oibríochtaí, dlús a chur le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht, agus bonn a chur faoi chinnteoireacht. Tá feidhmchlár gnó rollta amach cheana féin do Bhainistíocht Gearán agus Breithnithe agus tá Feidhmchlár Iniúchta agus Forfheidhmithe (ERCES) beo ó Nollaig 2018.

Bainfidh an WRC tairbhe iomlán as an infheistíocht in ERCES chun faisnéis 'fíor-ama' a tháirgeadh faoin bpróiseas iniúchta agus forfheidhmithe, éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú, agus fiosrúchán a dhéanamh maidir le conas is féidir an teicneolaíocht seo a úsáid i gcomhpháirt le comhlachtaí poiblí eile chun spriocdhírú agus próifiliú riosca a fheabhsú chun tuilleadh comhlíontachta a spreagadh. Mar shampla, tá go leor oibre déanta chun ERCES a chomhtháthú le córais na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### Córas bainistíochta cáis nua d'Idir-réiteach

In 2018, cuireadh tús le hobair ar chóras bainistíochta cáis nua a fhorbairt don tSeirbhís Idir-réitigh, Chomhairleach agus Idirghabhála.

# SEIRBHÍS FAISNÉISE AGUS CUSTAIMÉIRÍ

Tá Aonad Faisnéise agus Custaiméirí an WRC freagrach as:


- Eolas maidir le cearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta, a chur ar fáil.
- Gach foirm ghearáin a fhaightear a phróiseáil.
- Gach iarratas ar cheadúnú gníomhaireachta fostaíochta agus cead fostaíochta linbh le haghaidh scannán, cultúr, spóirt nó fógraíocht a phróiseáil.

Cuirtear eolas ar fáil don phobal ar na bealaí seo a leanas:


- Líne eolais thiomnaithe, a bhfuil Oifigigh Eolais a bhfuil taithí acu á reáchtáil (glaoch áitiúil **1890 80 80 90**).
- Suíomh gréasáin an WRC (**workplacerelations.ie**).
- Leabhráin eolais, bileoga eolais agus litríocht eile. Mar shampla, áirítear inár 'Guide to Working Life' sraith bileog eolais atá dírithe ar fhostaithe, FBManna agus 'gnólachtaí nuathionscanta' agus clúdaítear na cúig phríomhchéim de shaol na hoibre ann.
- Nuashonruithe a sholáthar do pháirtithe ábhartha maidir le stádas gearán, atreoruithe díospóidí agus iarratais ar chead oibre.

## Príomhfhigiúirí 2018


Ábhar an ghlaio



## Tionscal



## An cineál glaoiteora



## Tuarascáil ar Ghníomhaíocht

Glaonna ar déileáladh leo	57,348
Amhairc ghréasáin	2.7m
R-fhoirmeacha faighte	5,930
Cuir i láthair/Taispeántais	44

## Cosaint Daoine Óga agus Ceadúnú Gníomhaireachta Fostaíochta

In 2018, d'eisigh an Rannán 576 ceadúnas a chlúdaíonn 1,487 leanbh ar fad maidir leis an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht). Chomh maith leis sin, d'eisigh sé 753 ceadúnas gníomhaireachta fostaíochta.



# SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH

Tacaíonn an tSeirbhís Chomhairleach le dea-chleachtas san áit oibre trí chabhair agus comhairle a chur ar eagraíochtaí maidir le gach gné de chaidreamh tionsclaíoch, agus oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe chun cabhrú le cleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt.

Oibríonn an tSeirbhís le fostóirí agus le fostaithe agus a n-ionadaithe sna hearnálacha ar fad, in eagraíochtaí beaga agus móra, agus i bhfostaíochtaí ceardchumann agus neamh-cheardchumann. Cuireann an tSeirbhís a samhail chomhairle agus idirghabhála in oiriúint do gach áit oibre.

## IR 76 ('Cómhargáil')

Cabhraíonn an tSeirbhís Chomhairleach le bainistíocht agus le hionadaithe fostaithe díospóidí a réiteach sa chás nach ann do shocruithe idirbheartaíochta. An ghné 'chómhargála' den Acht Caidrimh Thionscail 2015 a thugtar air seo de ghnáth. Chomh maith leis sin, oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach chun caidreamh idir na páirtithe a éascú maidir le saincheisteanna seachas cómhargáil, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta agus ábhar gaolmhar, mar shampla. In 2018, cuireadh sé atreorú den sórt sin faoi bhráid na Seirbhíse.

## Oiliúint WRC

Leagann an WRC béim láidir ar acmhainn eagraíochtaí a fheabhsú ionas go mbeidh cleachtais agus nósanna imeachta éifeachtacha caidreamh tionsclaíoch i bhfeidhm acu ina leagfar béim ar réiteach díospóidí ordúil, (le chéile nó ar bhonn aonair), ag céim luath, neamhfhoirmiúil agus 'intí'. Déanann an tSeirbhís Chomhairleach maoirseacht ar chlár oiliúna an WRC, atá ag cabhrú le heagraíochtaí gach gné den chaidreamh fostaíochta a thuiscint agus cuirtear na hidirghabhálacha oiliúna ar fad in oiriúint do riachtanais aonair gach áit oibre. Comhaltaí foirne as gach Rannán den WRC a chuireann an oiliúint ar fáil, daoine a bhfuil neart eolais agus taithí acu.



**Déantar iarratais oiliúna a mheasúnú bunaithe ar na critéir seo a leanas:**

- An méid a chuirfeadh oiliúint le caidreamh tionsclaíoch feabhsaithe agus dea-chleachtas san eagraíocht.
- Measúnú déanta ag an tSeirbhís Chomhairleach go bhfeabhsódh oiliúint acmhainn réitigh díospóidí na heagraíochta.
- Stair na heagraíochta chomh fada is a bhaineann le húsáid a bhaint as seirbhísí an WRC e.g. Breithniú agus Idir-réiteach.
- Acmhainn an WRC oiliúint a chur ar fáil ag am an mheasúnaithe i gcomhthéacs srianta acmhainní.

In 2018, cuireadh 18 clár oiliúna, a raibh 45 modúl san áireamh iontu, ar fáil do raon leathan eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus phoiblí.

## In 2018, cuireadh 18 clár oiliúna

ar fáil d'eagraíochtaí san earnáil

phríobháideach agus phoiblí



I measc na gclár a cuireadh ar fáil tá Dínit san Áit Oibre, Úsáid Éifeachtach Nósanna Imeachta, Coinbhleacht san Áit Oibre, agus Cumarsáid.

## Athbhreithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Áirítear in athbhreithnithe ar chaidreamh tionsclaíoch grinnmheasúnú in áiteanna oibre chun réimsí a mbaineann deacrachtaí leo a aithint, moltaí a dhéanamh maidir le cleachtais agus nósanna imeachta feabhsaithe, agus oibriú le gach duine i gceist chun na feabhsuithe sin a chur chun feidhme. D'fhéadfaí go n-áireofaí i ngnáth-athbhreithniú roinnt cleachtaí bailithe eolais cosúil le hagallaimh aonair, ceistneoirí, agus fócasghrúpaí chun réimsí a mbaineann fadhbanna leo a aithint go beacht agus oibriú le gach duine i gceist chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt. In 2018, rinneadh seacht n-athbhreithniú den sórt sin.



## Cóid Chleachtais

Forbraíonn an WRC Cóid Chleachtais chun treoir a thabhairt agus leagann sé amach an méid a chreideann sé arb ionann é agus dea-chleachtas i gcaidreamh tionsclaíoch maith. In Eanáir 2018, d'fhoilsigh an WRC Cóid Cleachtais maidir le hObair ar feadh Tréimhse Níos Faide, ina leagtar síos an dea-chleachtas maidir leis an gcaidreamh idir fostóirí agus fostaithe a bhainistiú sa tréimhse roimh an aois scoir, lena n-áirítear iarrataí chun leanúint ar aghaidh ag obair ar feadh tréimhse níos faide.

In 2018, d'iarr an tAire ar an WRC agus ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta Comhchód Cleachtais Bulaíochta san Áit Oibre a fhorbairt chun teacht in ionad an chóid atá foilsithe ag an dá eagraíocht faoi láthair. Táthar ag leanúint le hobair ar an gcód agus foilseofar é in 2019.

## Taighde

I ndiaidh próiseas soláthair iomaíoch, roghnaigh an WRC an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun taighde a dhéanamh chun nádúr agus forleithne na hoibre teagmhasaí in Éirinn a chinneadh. Foilsíodh a thuarascáil 'Measuring Contingent Employment in Ireland' i Lúnasa 2018 agus tá an tuarascáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an WRC.

## Tuarascáil ar Ghníomhaíocht

<b>Athbheithnithe ar Chaidreamh Tionsclaíoch san Áit Oibre</b>	<b>7</b>
<b>Éascuithe</b>	<b>13</b>
<b>IR 76 ('Cómhargáil')</b>	<b>6</b>
<b>Oiliúint</b>	<b>18</b>



# IDIR-RÉITEACH, ÉASCÚ AGUS IDIRGHABHÁIL

Is é misean an Rannáin Idir-réitigh, Éascaithe agus Idirghabhála timpeallacht chaidreamh tionsclaíoch na hÉireann a fheabhsú. Oibríonn sé ag leibhéal náisiúnta, earnála agus fiontair chun dea-chaidreamh san áit oibre a chur chun cinn, a chothabháil agus a fheabhsú.

Soláthraíonn sé tacar seirbhísí neamhchlaonta, tráthúla agus éifeachtacha chun cabhrú le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe díospóidí a réiteach trí theacht ar chomhaontú. Soláthraíonn an Coimisiún ceithre mhodh deonacha réitigh díospóidí: idir-réiteach, éascú, idirghabháil réamhbhreithnithe agus idirghabháil san áit oibre.

## Idir-réiteach

In 2018, thar 4,050 lá, bhí 1,184 oibrí as láthair mar gheall ar dhíospóidí caidreamh tionsclaíoch i gcomparáid le 50,191 lá, agus 9,456 oibrí in 2017.

Cé gur bliain shíochánta go maith ba ea 2018 i dtéarmaí caidreamh tionsclaíoch agus gurb é an bhliain ina raib an líon is lú laethanta curtha amú mar gheall ar chaidreamh tionsclaíoch ó 2012, is ionann an 1,062 iarraidh ar idir-réiteach a cuireadh faoi bhráid an WRC agus méadú 13% ar 2017. Ar an iomlán, tionóladh 1,145 comhdháil agus bhí an ráta réitigh cothrom le 87%.

Bhain na saincheisteanna ar déileáladh leo trí idir-réiteach in 2018 le:


- pá (37%),
- acmhainní daonna nó saincheisteanna caidreamh tionsclaíoch cosúil le hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha, comhaontuithe cuideachta/ aontais, grádú, leithdháileadh ragoibre, táirgiúlacht, seachfhoinsiú, etc. (32%),
- struchtúir eagraíochtúla a bhain le hathruithe ar chleachtais oibre, leibhéal acmhainní ar fáil, soláthar foirne, sealobair, etc. (20%),
- iomarcaíochtaí (4%),
- laethanta saoire nó cineálacha eile saoire (4%), agus
- ceisteanna pinsin (3%).

In 2018, réitíodh

**87%** de  
**chomhdhálacha**  
**idir-réitigh**



## Saincheisteanna curtha chun idir-réitigh in 2018



Bhunaigh an Coimisiún comhaontuithe in earnálacha éagsúla sa gheilleagar, a bhfuil roinnt acu san fhearann poiblí cheana féin lena n-áirítear GSK, MSD, Novartis, Pinewood Healthcare, Wellman International, Dairygold, Donegal Meat Processors, Mondelez, Newmarket Co-op, Rosderra Meats, Independent News & Media, Smurfit Kappa New Press, Musgrave, Lufthansa Technik Shannon, Rubicon Heritage, Bórd na Móna, DAA, agus Ervia. Chomh maith leis sin, chabhraigh an tSeirbhís go suntasach leis na hearnálacha poiblí agus cúraim sláinte lena n-áirítear plé maidir le fostaithe comhlachtaí a bhfuil cúnaimh á bhfáil acu ó FSS faoi Alt 39 d'Acht Sláinte, 2004.

Cuireadh 139 cás faoi bhráid na Cúirte Oibreachais chun moladh a fháil faoi Alt 26(1) d'Acht Caidrimh Thionscail 1990 áit nach bhféadfaí teacht ar réiteach i rith idir-réitigh. I bhformhór na gcásanna seo, bhí ról suntasach ag an bpróiseas idir-réitigh sna difríochtaí idir na páirtithe a laghdú, ag sainiú na ceiste a raibh Moladh críochnaitheach ón gCúirt Oibreachais ag teastáil ina leith chun an díospóid a réiteach.

Bhí 926,427 fostaí ar fad san áireamh sna díospóidí a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin 2018, cé go bhféadfadh go mbeadh baint ag cuid de na hoibrithe seo le níos mó ná díospóid amháin a tháinig roimh an tSeirbhís i rith na bliana.

### **Idirghabháil**

Soláthraíonn an WRC dhá chineál idirghabhála ar leith; idirghabháil réamhbhreithnithe agus idirghabháil san áit oibre.

### **Idirghabháil Réamhbhreithnithe**

Ní tharlaíonn idirghabháil réamhbhreithnithe ach nuair a chomhaontaíonn an dá pháirtí a bheith páirteach ann. Is é an buntáiste a bhaineann le cur chuige den sórt seo gur féidir le páirtithe comhaontú ar réiteach maidir leis an ngearán nó díospóid i modh rúin agus go neamhfhoirmiúil agus smacht iomlán a bheith acu ar an toradh. D'fhéadfaí é a dhéanamh ar an teileafón nó trí chruinniú aghaidh ar aghaidh a eagrú, ag brath ar chastacht na saincheiste agus toilteanas an dá pháirtí a bheith páirteach sa phróiseas.

In 2018, thug an WRC méadú suntasach faoi deara sa líon daoine a bhí ag baint úsáide as idirghabháil réamhbhreithnithe, tharla 1,844 idirghabháil. Astu seo, idirghabháil aghaidh ar aghaidh a bhí i gceist in 603 cás (méadú 206% ar 2017\*) agus déileáladh le 1,241 ar an teileafón (méadú 70% ar 2017). Réitíodh beagnach dhá thrian de na cásanna (64%) inar bhain páirtithe leas as idirghabháil ag an gcéim seo.

**Mhéadaigh idirghabhálacha  
Aghaidh ar Aghaidh  
206% in 2018**



Lean an Rannán leis na buntáistí a bhaineann le hidirghabháil a chur chun cinn trí chuir i láthair agus cláir oideachais a bhí dírithe ar gheallsealbhóirí agus fianaise air seo ba ea an úsáid mhéadaithe a baineadh as an tseirbhís in 2018.

## **Idirghabháil san Áit Oibre**

Is réiteach pras, rúnda agus éifeachtach é idirghabháil san áit oibre chun coinbhleachtaí, díospóidí agus easaontuithe san áit oibre a réiteach ar bhonn ad-hoc. Oireann sé do dhíospóidí a bhfuil baint ag daoine aonair nó ag grúpaí beaga oibrithe leo. Áirítear i measc na samplaí ina bhféadfaí tairbhe a bhaint as idirghabháil san áit oibre difríochtaí idirphearsanta, coinbhleachtaí agus deacrachtaí idir comhghleacaithe atá ag obair le chéile, deireadh a bheith tagtha le caidreamh oibre, agus saincheistanna a eascraíonn ó nós imeachta gearáin agus araíonachta, go háirithe sular gá glacadh le saincheist mar shaincheist araíonachta.

Lean an t-éileamh ar idirghabháil san áit oibre ag méadú in 2018 tráth a ndearnadh 81 iarraidh - méadú 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe - agus an tríú bliain inar tugadh fás faoi deara ó bunaíodh an WRC i nDeireadh Fómhair 2015. Tá an tseirbhís á cur ar fáil ar fud na tíre agus faoi réir acmhainní a bheith ar fáil laistigh den Choimisiún.

## **Éascú**

Chomh maith leis sin, ghlac an tSeirbhís páirt i roinnt gníomhaíochtaí diana, fairsingithe lasmuigh de na gníomhaíochtaí a bheadh i gceist le hidir-réiteach traidisiúnta. In 2018, chuir an Coimisiún cúnamh ar fáil ag 500 cruinniú a bhí éascaithe trí phlé agus rannpháirtíocht.

Cuireadh tacaíocht shuntasach ar fáil do pháirtithe Chomhaontú Pá na Seirbhíse Poiblí (PSSA) trí éascú leanúnach agus cathaoirleacht a dhéanamh ar roinnt mhaith comhlachtaí maoirseachta earnálacha agus náisiúnta. Cuireadh éascú ar fáil freisin nuair a rinneadh iarratais chun cathaoirleacht a dhéanamh ar chomhfhórim bhainistíochta/foirne chun saincheistanna a bhí ag déanamh imní don dá ghrúpa a phlé, e.g. athrú san áit oibre nó saincheistanna casta caidrimh thionsclaíoch.

Lean an Coimisiún le cathaoirleacht a dhéanamh ar raon fóram idirbheartaíochta eile cosúil le Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann, Comhchomhairle Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte, an Chomhairle Eadrána do Mhúinteoirí, agus raon Comhchomhairlí Tionsclaíoch (e.g. Tógáil, Leictreachas, Tionsclaíoch Stáit) agus Comhchoistí Saothair cosúil leis an gComhchoiste Saothair Glanadh ar Conradh agus an Comhchoiste Saothair Slándála.

Arís, bhí príomhról ag Oifigigh an Choimisiúin laistigh de struchtúr an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETB) mar Oifigigh Achomhairc le Nósanna Imeachta Achomhairc ETB sa chás go raibh a nósanna imeachta gearáin, araíonachta, bulaíochta agus ciaptha tionscanta. Próiseáladh ceithre achomharc dá leithéid in 2018. Ina theannta sin, rinne an tSeirbhís cathaoirleacht ar Chomhchomhairle Thionscail Bhord na Móna i rith 2018 agus cuireadh 26 saincheist ar aghaidh chuig an gComhairle lena gcinneadh.

## **Rochtain ar Sheirbhísí an WRC**

Sula bhfaigheann An Garda Síochána agus an Státseirbhís rochtain ar an WRC agus ar an gCúirt Oibreachais, chas an Rannán, i dteannta le pearsanra eile ón WRC, le geallsealbhóirí éagsúla agus chuir siad oiliúint agus tacaíocht ar fáil.

Chomh maith leis sin, bhí ról ceannaireachta ag Oifigigh an Rannáin in oiliúint agus tacaíocht a fhorbairt agus a chur ar fáil d'úsáideoirí a bhfuil an tseirbhís in úsáid acu cheana féin.

# SEIRBHÍS BREITHNITHE

Déanann an tSeirbhís Breithnithe imscrúdú ar dhíospóidí, gearáin agus éilimh a dhéanann daoine aonair nó grúpaí beaga faoi reachtaíocht fostaíochta, comhionannais agus stádas comhionann. Tá liosta den reachtaíocht faoinár féidir gearáin a dhéanamh leagtha amach in Aguisín 2.

Foilsítear gach Cinneadh agus Moladh ar shuíomh gréasáin an WRC agus ní luaitear ainmneacha na bpáirtithe, ach amháin i gcás na n-éileamh a thugtar faoi na hAchtanna um Chiomhionannas Fostaíochta, na hAchtanna um Stádas Comhionann agus Achtanna na bPinsean, ainmnítear na páirtithe ach amháin sa chás go gcinneann an tOifigeach Breithnithe go bhfuil cúis bhailí ann gan na hainmneacha a fhoilsiú.

I rith 2018, fuarthas 7,724 iarratas ar ghearán, lena n-áirítear 15,451 gearán aonair (i.e. dhá ghearán le haghaidh gach iarratas ar an meán)

# 15,451

## gearán

### aonair faighte in 2018



Mhéadaigh an líon gearán aonair a fuarthas breis is 10% ar 2017 agus laghdaigh an líon iarratas gearán, i.e. foirmeacha gearán faighte, 11% ó 2016. Chiollaigh na méaduithe seo go raibh brú áirithe ar an tSeirbhís mar gur gá gach iarratas gearán a admháil agus dáta agus ionad éisteachta a shannadh, lena chinntiú go bhfuil gach aighneacht a fhaightear agus gach gearán aonair le cur san áireamh ag éisteacht breithnithe agus i dteacht ar chinneadh.

D'fhan an líon iarratas gearán a fuarthas mórán mar an gcéanna i rith na bliana ach amháin gur tugadh méadú faoi deara ag deireadh na bliana nuair a fuarthas 1,000 iarratas gearán i mí na Nollag. Tá eolas níos mionsonraithe maidir leis na hiarratais ghearáin agus na gearáin shonracha, le haghaidh gach mí in 2017-2018, le fáil ar an gcéad leathanach eile.

Tá na gearáin shonracha a fuarthas in 2018 leagtha amach de réir chineál an ghearáin ar an gcéad leathanach eile chomh maith. Is iad gearáin shonracha maidir le pá na cineálacha gearán is coitianta - 4,311 gearán. Bhain 2,156 gearán le dífhostú éagórach, bhain 2,138 le hidirdhealú agus comhionannas agus bhain 2,026 le huaireanta oibre. Cé nach bhfuil ach líon beag gearán i gceist (31), tháinig méadú 140% ar an líon gearán a fuarthas faoi reachtaíocht um Nochtadh Cosanta i gcomparáid le 2016.


## Go Leor Gearán Cosúil

Treocht nua a tugadh faoi deara in 2018 is ea go raibh méadú suntasach ar an líon il-atreoruithe le haghaidh gearán comhchosúil maidir le ceart a rinneadh i ndáil le breithniú in aghaidh fostóir aonair, agus go minic ba é an t-ionadaí céanna a bhí i mbun na ngearán tosaigh a dhéanamh. Le linn na tréimhse, rinneadh beagnach 1,000 gearán dá leithéid nó bhí siad á dtabhairt chun críche. I gcás fostóir amháin, ba ionann é seo agus breis is 350 gearán comhchosúil faoin bpíosa céanna reachtaíochta. I bhformhór na gcásanna seo, i ndiaidh plé agus comhaontú leis na páirtithe, cuireadh na saincheisteanna seo faoi bhráid na Seirbhíse Idirghabhála, áit ar thángthas ar réiteach a bhí oiriúnach do gach duine gan gá a bheith le dul i muinín an bhreithnithe.


Is ábhar imní é seo don Choimisiún mar go bhféadfadh líon ollmhór gearán comhchosúil a bheith á ndéanamh tríd an tSeirbhís Breithnithe moill a chruthú i gclárú agus próiseáil gearán go ginearálta, mar aon le tionchar suntasach a bheith aige ar sholáthar seirbhíse. I gcásanna den sórt seo, leanfaidh an Coimisiún le plé le gearánaigh agus le fostóirí lena fháil amach an féidir teacht ar réiteach deonach ar bhonn comhchoiteann.

Mholfadh an Coimisiún d'ionadaithe, áfach, a machnamh a dhéanamh ar a leithéid de ghearáin a phlé go neamhfhoirmiúil le seirbhísí díospóidí deonacha an WRC ar dtús, lena fháil amach an féidir teacht ar réiteach trí éascú comhchoiteann. Is é sin an réiteach is costéifeachtúla agus is éifeachtaí ar shaincheisteanna cosúla a bhfuil tionchar acu ar ghrúpa oibríthe.


## Iarratais ghearáin agus gearáin shonracha iomlána faighte - 2018 v 2017




## Gearáin shonracha de réir cineáil



## Éisteachtaí bunaithe ar réigiún



## Éisteachtaí gach mí







## Éisteachtaí

Reáchtáladh 5,312 éisteacht breithnithe in 2018. B'ionann é sin agus méadú 22% i gcomparáid le 2017 agus méadú 34% i gcomparáid le 2016. Ba é 21 an meánlíon éisteachtaí reáchtáilte in aghaidh an lae in 2018.

I láthair na huaire, próiseáiltear breis is 90% de na gearáin a fhaigheann an tSeirbhís Breithnithe, ón uair a fhaightear fógra faoi éisteacht agus cinneadh, laistigh de shé mhí sa chás nach ndearnadh aon iarraidh ar chur siar, go bhfuil gach páirtí ar fáil, agus go bhfaightear gach aighneacht go tráthúil. Sa chás nach féidir le páirtithe freastal ar an gcéad dáta éisteachta a thairgtear, nó sa chás go bhfuil iarracht déanta acu an díospóid a idirghabháil nó sa chás nach bhfaightear aighneachtaí go tráthúil ansin is é 9 mhí an meánam idir fógra agus cinneadh maidir le héisteacht a fháil. Is í an sprioc atá leagtha síos i gClár Oibre 2019 é seo a laghdú 14 lá eile faoi dheireadh na bliana.

## Iarrataí Cur Siar

Fuarthas 2,133 iarraidh cur siar idir Eanáir - Nollaig 2018 - méadú 17% ar 2017. Faoi láthair, ceadaítear thart ar 75% d'iarrataí mar go bhféadfadh deacrachtaí sceidealaithe a bheith ag páirtithe, laethanta saoire curtha in áirithe roimh ré, nó tinneas fadtéarmach, mar shampla, nó gur mian leis na páirtithe an cheist a réiteach trí idirghabháil, etc. Bíonn tionchar suntasach aige seo ar na hamanna próiseála trí chéile mar go bhféadfadh go mbeadh 1,600 iarratas breithnithe san áireamh leis na hiarchuir seo, a d'fhéadfaí a éisteacht laistigh de 10 seachtain ó iad a fháil agus nach bhféadfaí a éisteacht ar feadh 18 seachtain ar a laghad agus níos faide fiú, mar go mb'fhéidir nach mbeadh na dátaí tairgthe feiliúnach do na páirtithe mar gheall ar na cúiseanna thuasluaite. Cruthaíonn uainiú na n-iarrataí cur siar deacrachtaí sceidealaithe freisin mar go bhfuarthas 70% de na hiarrataí cur siar ar fad in 2018 níos lú ná 20 lá roimh an éisteacht, ar tréimhse róghearr ama í chun an dáta éisteachta a thairiscint do pháirtithe eile, rud a chiallaíonn nach féidir an dáta éisteachta a aislíonadh.

Tá an WRC ag obair lena gheallsealbhóirí agus táthar ag súil go laghdófar patrún na n-iarrataí deireanacha cur siar in 2019.

## Cinntí

Eisíodh 2,964 cinneadh in 2018, arb ionann é agus méadú 32% ar an 2,247 cinneadh a eisíodh in 2017 agus méadú 60% ar 2016.

**Eisíodh 2,964 cinneadh in 2018, méadú 60% ar 2016**



## Atreoruithe faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015

In 2018, rinneadh 595 atreorú faoi na hAchtanna, a bhain le 868 foras sonrath i gcomparáid le 668 atreorú in 2017 a bhain le 1,113 foras sonrath. Cé gurb ionann é seo agus laghdú suntasach bliantúil 11% ar atreoruithe ó 2017, tugadh méadú suntasach faoi deara sa líon gearán a fuarthas i ndáil le hAois (+35%), Míchumas (+58%) agus Cúnamh Tithíochta (+65%), ach tugadh laghdú suntasach faoi deara i ndáil le Ballraíocht den Lucht Siúil (-70%) agus Cine (-20%), cé gurb iad Ballraíocht den Lucht Siúil agus Cine na forais is coitianta atreoruithe faoi na hAchtanna go fóill.

<b>Gearáin maidir le Stádas Comhionann</b>	<b>2017</b>	<b>2018</b>
<b>Aois</b>	<b>46</b>	<b>62</b>
<b>Stádas Sibhialta</b>	<b>18</b>	<b>22</b>
<b>Míchumas</b>	<b>57</b>	<b>90</b>
<b>Stádas Teaghlaigh</b>	<b>28</b>	<b>33</b>
<b>Inscne</b>	<b>101</b>	<b>116</b>
<b>Ball den Lucht Siúil</b>	<b>408</b>	<b>124</b>
<b>Cine</b>	<b>363</b>	<b>292</b>
<b>Reiligiún</b>	<b>20</b>	<b>19</b>
<b>Gnéaschlaonadh</b>	<b>9</b>	<b>6</b>
<b>Cúnamh Tithíochta</b>	<b>36</b>	<b>104</b>
<b>Iomlán</b>	<b>1,113</b>	<b>868</b>

*Tabhair faoi deara: Cé go bhfuarthas 595 gearán maidir le Stádas Comhionann, luadh 868 foras mar gur féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin a roghnú nuair a bhíonn gearán sonrath á dhéanamh.*

## Atreoruithe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2011

In 2018, rinneadh 1,449 atreorú faoi na hAchtanna, a bhain le 1,792 foras sonracha i gcomparáid le 671 atreorú in 2017 agus 1,113 foras sonracha. Is ionann é sin agus méadú 116%. Tugadh méadú suntasach faoi deara sa líon gearán a bhain le hAois (+343%), Reiligiún (+244%) agus Míchumas (+43%) agus tugadh laghdú faoi deara i ndáil le Stádas Sibhialta (33%) agus Inscne (11%).

Gearáin Chomhionannais	2017	2018
Aois	161	714
Stádas Sibhialta	52	36
Míchumas	204	292
Stádas Teaghlaigh	114	154
Inscne	353	318
Ballraíocht den Lucht Siúil	7	6
Cine	189	213
Reiligiún	9	31
Gnéaschlaonadh	24	28
Iomlán	1,113	1,792

*Tabhair faoi deara: Cé go bhfuarthas 1,449 gearán maidir le Comhionannas, luadh 1,792 foras mar gur féidir le gearánaigh níos mó ná foras amháin a roghnú nuair a bhíonn gearán sonracha á dhéanamh.*

## Atreoruithe faoi Acht na bPinsean 1990

In 2018, fuarthas 17 atreorú faoi Acht na bPinsean i gcomparáid le 35 in 2017 agus naoi in 2016.

## Cásanna Leagáide

I mí Dheireadh Fómhair 2015, ghlac an tSeirbhís Breithnithe úinéireacht ar bheagán faoi bhun 4,000 gearán breithnithe 'leagáide' a cuireadh faoi bhráid Sheirbhís an Choimisinéir um Chearta agus an Bhinse Comhionannais.

## Gearáin maidir le Cearta Fostaíochta/Caidreamh Tionsclaíoch

Ag tús 2018, ní raibh ach cúig ghearán maidir le cearta fostaíochta/caidreamh tionsclaíoch le héisteacht. Tá gach cás éiste anois agus níl aon chásanna leagáide fós le héisteacht.

## An Binse Comhionannais

Ag tús 2018, bhí 293 atreorú a bhí curtha faoi bhráid an Bhinse Comhionannais fós le próiseáil. Faoi dheireadh na bliana, bhí an figiúr laghdaithe a leath go dtí 146 agus tá dáta éisteachta sannta do gach cás ach amháin 51 cás leagáide nó táthar ag fanacht ar dheimhniú maidir le hinfhaighteacht páirtithe.

## Cásanna an Bhinse Comhionannais laghdaithe ina leath in 2018



## Cinntí na Cúirte Oibreachais

Déantar thart ar 10% de chinntí breithnithe a achomharc chuig an gCúirt Oibreachais gach bliain. In 2018, d'eisigh an Chúirt Oibreachais 372 cinneadh achomhairc.

Léirítear torthaí obair na Cúirte i dtéarmaí na gcinntí ar seasamh leo, a cuireadh ar ceal, a athraíodh nó a rith as am, sa tábla thíos. As measc na n-achomharc ar chinneadh an Oifigigh Breithnithe, seasadh le 179 (48%), cuireadh 99 (27%) ar ceal agus athraíodh 88 (24%). Ní dharna an Chúirt Oibreachais cinneadh maidir le trí chás mar gheall ar cheisteanna dlínse.

Torthaí na Cúirte Oibreachais	2017	2018
Cinntí Eisithe	351	372
Seasadh Leo	171	179
Curtha ar Ceal	91	99
Athraithe	84	88
Lasmuigh de Theorainneacha Ama	5	6

Cé nach bhfuil na figiúirí mar an gcéanna gach bliain, mar go mbaineann achomhairc éiste agus cinntí eisithe áirithe ag an gCúirt Oibreachais le cinntí breithnithe eisithe in 2017, ghlac na páirtithe le nó seasadh le thart ar 95% de chinntí eisithe ag an tSeirbhís Breithnithe in 2018 i ndiaidh achomhairc.

### **Feabhsuithe Seirbhíse**

I rith 2018, chuir an tSeirbhís Breithnithe feabhsuithe seirbhíse i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas:

- Tá 'A Practical Guide to Hearings' foilsithe ar shuíomh gréasáin an WRC chun soiléire a sholáthar do pháirtithe maidir leis an bpróiseas breithnithe.
- Mhéadaigh an tSeirbhís Breithnithe líon na suíomhanna éisteachta go dtí 17 i gcomparáid le 10 in 2016 agus i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thithe cúirte réigiúnacha agus na háiseanna atá iontu le cabhair ón tSeirbhís Chúirteanna, cuirfidh an WRC tús le húsáid a bhaint as roinnt tithe cúirte in 2019.

### **Comhoibriú in WRC**

In 2018, thug na hOifigigh Bhreithnithe tacaíocht shuntasach don tSeirbhís Chomhairleach trí oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil i rith na bliana.

### **Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí**

Déanann an tSeirbhís Breithnithe neart oibre leis na príomhchomhlachtaí geallsealbhóirí cosúil le Comhdháil na gCeardchumann, Ibec, ISME, comhlachtaí ionadaíocha dlí, cosúil le ELAI/an Dlí-Chumann/an Chomhairle Bharra, agus ENRanna.

In 2018, bhí an plé dírithe ar:

- próiseáil agus breithniú iarrataí ar éisteachtaí a chur siar,
- ráitis a chur ar fáil in am,
- cásanna gaolmhara a nascadh chun éifeachtúlacht an phróisis a fheabhsú,
- comhsheasmhacht éisteachtaí agus comhsheasmhacht na stíle cinnidh, agus
- an fheidhm chuardaigh le haghaidh cinntí ar an suíomh gréasáin a fheabhsú.

Tá an soláthar seirbhíse feabhsaithe go suntasach mar gheall ar an obair sin agus tá an WRC fíorbhuíoch do na geallsealbhóirí as a n-ionchur tábhachtach agus cuiditheach.



# SEIRBHÍS INIÚCHTA AGUS FORFHEIDHMITHE

Déanann an tSeirbhís Iniúchta agus Forfheidhmithe iniúchtaí ar thaifid fostaíochta chun comhlíonadh le dlí fostaíochta a chinntiú. Áirítear anseo, ach níl sé teoranta do, scrúdú a dhéanamh ar leabhair, taifid agus doiciméid fostaíochta an fhostóra, agus agallaimh a dhéanamh leis an bhfostóir agus le hiarfhostaithe agus fostaithe reatha.

Is é an aidhm atá ann faireachán a dhéanamh ar choinníollacha fostaíochta, comhlíonadh le reachtaíocht fostaíochta a chinntiú, agus, más gá, reachtaíocht cearta fostaíochta a fhorfheidhmiú. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo cúiteamh le haghaidh, agus íocaíocht, pá neamhíochta ag eascairt as sárúithe ar chearta fostaíochta.

D'fhéadfadh go mbeadh roinnt Cigirí i dteannta lena chéile. D'fhéadfaí go ndéanfaí iniúchtaí leis na Gardaí agus le comhlachtaí rialála eile. Chomh maith leis sin, glacann Cigirí páirt i gComhaonaid Imscrúdaithe leis an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Díríonn na hiniúchtaí ar earnálacha agus ar fhostóirí a nglactar leis atá 'ardriosca' i dtéarmaí sárúithe ar a gcearta fostaíochta reachtúla.

Leagtar amach sa tábla thíos líon na gcásanna in 2018 bunaithe ar earnáil, líon na sárúithe tosaithe aimsithe, líon na bhfostaithe clúdaithe ag an iniúchadh, agus an méid pá neamhíochta gnóthaithe.

## Gníomhaíochtaí agus torthaí iniúchta, go dtí an 31 Nollaig 2018

Far East Restaurant Limited ag trádáil mar Far East Restaurant	Bia & Deoch	Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006	18 Mount Andrew Avenue, Lucan, Co Dublin,	339 Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10
Candy Chu, Uasal ag trádáil mar Yangs Restaurant	Bia & Deoch	Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo
Phan Chan Duong ag trádáil mar Yangs Chinese	Bia & Deoch	Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo
Yangs Ltd ag trádáil mar Yangs Chinese Restaurant	Bia & Deoch	Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo	Sráid na Gléibe, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo

# AGUISÍN 4

## Príomhbhreithiúnais Chúirte agus Bhreithnithe

### Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-378/17

**An tAire Dlí agus Cirt, Coimisinéir an Gharda Síochána v An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus Ronan Boyle & Daoine Eile**

Tháinig an cás seo chun cinn nuair a rinne triúr daoine iarratas a bheith ina mball de An Garda Síochána ach gur diúltaíodh dá n-iarratais ar an mbonn go raibh siad níos sine ná an aois earcaíochta uasta atá forordaithe ag Rialacháin an Gharda Síochána (Iontrálacha agus Ceapacháin) 1988. Rinne na daoine aonair gearán leis an mBinse Comhionannais in aghaidh An Gharda Síochána faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta. Ag oscailt na héisteachta roimh an mBinse, thug an Freagróir dúshlán dhlínse an Oifigigh Comhionannais imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta i bhfianaise na reachtaíochta atá i bhfeidhm. Ghlac an tOifigeach Comhionannais dlínse ach trí sin a dhéanamh léirigh sé go bhféadfadh gá a bheith le breithniú a dhéanamh ar an raibh Rialacháin an Gharda Síochána comhoiriúnach le Treoir 2000/78/ CE. Chuir an Freagróir iarratas chun na hArd-Chúirte trí athbhreithniú breithiúnach, chun cosc a chur ar an mBinse Comhionannais leanúint leis an gcás. Dheonaigh an Ard-Chúirt an t-ordú a iarradh. Rinne an Binse Comhionannais (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anois) an cinneadh seo a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Ansin thar chuir an Chúirt Uachtarach iarraidh ar réamhrialú ar an ní chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ar an 4 Nollaig 2018, thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh rialú ar bhonn príomhdhlí AE go bhfuil an t-údarás ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an comhlacht reachtúil atá bunaithe chun díospóidí a bhaineann le fostaíocht in Éirinn a réiteach, riail dlí náisiúnta atá contrártha do dhlí AE a dhífheidhmiú i gcás inar gá chun lánéifeacht a thabhairt do dhlí AE.

## Cinntí Breithnithe Tábhachtacha WRC

### Aois Scoir agus Scor Éigeantach

**Valerie Cox v RTÉ, ADJ-00006972, an 16 Márta 2018**

*Líomhain an gearánach idirdhealú ar an bhforas aoise. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh bonn leis an ngearán mar gur theip ar an bhFreagróir bonn cirt a thabhairt go hoibiachtúil maidir le foirceannadh na fostaíochta ag 65 bliain d'aois.*

Bhí an Gearánach fostaithe ag an gcuideachta Freagróra ar dhá chonradh fostaíochta ar leith le haghaidh dhá phost sainithe ar leith. Rinne sí dhá ghearán a thaisceadh maidir le hidirdhealú bunaithe ar aois, gearán amháin le haghaidh gach conradh. Thar chuir sí gearán ina raibh idirdhealú ar an bhforas aoise i ndáil le foirceannadh a conradh fostaíochta lánaimseartha á líomhain, conradh ar cuireadh tús leis in 2004 ach a foirceannadh nuair a bhí 65 bliain d'aois slánaithe ag an nGearánach i Márta 2016. Chomh maith leis sin, thar chuir sí gearán ina raibh idirdhealú ar an bhforas aoise i ndáil le dífhostú as fostaíocht maidir le conradh d'obair ócáideach/neamhrialta á líomhain, conradh ar cuireadh tús leis in 2003 agus faoina raibh ráta íocaíochta in aghaidh an lae á fháil aici don obair a rinne sí. Theip ar an éileamh maidir le hidirdhealú ar bhonn aoise i ndáil lena conradh lánaimseartha ar an mbonn go raibh sé rite as am mar gur theip ar an nGearánach an t-éileamh a chur i láthair laistigh den teorainn ama 6 mhí atá luaite leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. D'éirigh lena héileamh maidir lena conradh d'obair ócáideach/neamhrialta, áfach. Measadh go raibh an t-éileamh laistigh den tréimhse 6 mhí ar an mbonn nach raibh a fhios ag Valerie Cox, Uasal, nach mbeadh sí ainmnithe ar an uainchlár arís go dtí Nollaig 2016.

D'argóin an Freagróir nach raibh an aois scoir sonraithe go soiléir sa lámhleabhar foirne agus gur tugadh cuireadh don Ghearánach páirt a ghlacadh i gcúrsa scoir a cuireadh in iúl di i nDeireadh Fómhair 2015. D'argóin an Freagróir go raibh aois scoir éigeantaigh 65 bliain d'aois i bhfeidhm aige, arb é an aidhm a bhí leis ráta ard coinneála a spreagadh trí dheiseanna a chruthú d'ardú céime.

Chinn an tOifigeach Breithnithe nach raibh aon tagairt d'aois scoir éigeantaigh i gconradh fostaíochta an Ghearánaigh d'obair ócáideach/ neamhrialta nó sa lámhleabhar foirne. Dhearbhaigh an Freagróir an fhianaise go bhfuil beirt eile a bhfuil 65 bliain d'aois slánaithe acu ag obair ar an uainchlár céanna a bhí clúdaithe sa chonradh d'obair ócáideach a bhí ag an nGearánach. Ba é an difríocht a bhí ann gur fostaí ba ea an Gearánach ar conradh seirbhíse agus gur conraitheoirí neamhspleácha a raibh conarthaí seirbhíse acu an bheirt eile. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh bonn leis an ngearán gur theip ar an bhFreagróir bonn cirt a thabhairt go hoibiachtúil maidir leis an aois scoir, agus go raibh idirdhealú déanta in aghaidh an Ghearánaigh ar an bhforas aoise i ndáil le foirceannadh a conradh fostaíochta d'obair ócáideach/neamhrialta. Rinneadh **€50,000** a dhámhachtain don Gearánach.

**John O'Brien v Ppi Adhesive Plastics, ADJ-00009914, an 10 Lúnasa 2018**

***Chinn an tOifigeach Breithnithe gur bhain mearbhall le beartas scoir na cuideachta agus go raibh an Gearánach dífhostaithe mar gheall ar a aois. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur gníomh idirdhealúcháin ba ea an dífhostú de réir bhrí na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.***

Bhí an Gearánach fostaíthe mar Bhainisteoir Léiriúcháin Cúnta leis an bhFreagróir. D'argóin an Gearánach nach raibh cead aige fanacht i mbun fostaíochta mar gheall ar a aois agus mheas sé go raibh idirdhealú déanta ina aghaidh ar an bhforas aoise faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Chuir an Gearánach in iúl go raibh sé ag súil leis go mbeadh sé fós ag obair nuair a bheadh 66 bliain d'aois slánaithe aige agus chuir sé sonraí ar fáil maidir le comparadóirí a raibh an deis sin faighte acu. Mhaigh an Freagróir gurb é an aois scoir sa chuideachta go hiondúil nuair a bhí 65 bliain d'aois slánaithe ag fostaí agus go raibh bonn cirt oibiachtúil agus réasúnach leis sin bunaithe ar aidhm dhlísteanaigh agus mhaigh sé go raibh na modhanna chun an aidhm sin a bhaint amach oiriúnach agus riachtanach.

Chinn an tOifigeach Breithnithe gur bhain mearbhall le beartas scoir na cuideachta. Bunaithe ar iomláine na fianaise tugtha ar aird, ní raibh an tOifigeach Breithnithe sásta go raibh aois scoir éigeantaigh á chur i bhfeidhm go huilíoch ag an bhFreagróir nó go raibh aidhm dhlísteanaigh á comhlíonadh ag an mbeartas a bhain le haois scoir éigeantaigh a chur i bhfeidhm.

Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an Gearánach faoi réir cóir idirdhealaitheach ar an bhforas aoise. Rinneadh **€35,000** a dhámhachtain don ghearánach mar chúiteamh as sárúithe ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, suim arb ionann í agus pá 6 mhí.

### **Imscrúduithe san Áit Oibre agus Nósanna Imeachta Cothroma**

**Baincээр v Banc, ADJ-00001266, an 26 Márta 2018**

***Gearánach a dífhostaíodh mar gheall ar mhí-iompar tromchúiseach. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an dífhostú éagórach agus d'ordaigh sé go ndéanfaí aiscur.***

Rinneadh an Gearánach a dhífhostú go hachomair i Nollaig 2015 mar gheall ar iompar tromchúiseach, eadhon as ráta úis níos airde ná an ráta úis margaidh a ghearradh ar chuntas taisce a thuismitheoirí, gníomh a líomhain an Banc a bhí calaoiseach agus mí-ionraic. Dúirt an Gearánach go raibh a bhainisteoir líne ar an eolas faoin ngaol teaghlaigh, agus dá réir sin, nach raibh aon sárú ar bheartas coimhlintí leasa an Bhainc i gceist. É sin ráite, tharraing an tOifigeach Breithnithe aird ar lochtanna nós imeachta i bpróiseas imscrúdaithe an Bhainc, lena n-áirítear: easnaimh sa chaoi ar déileáladh le plé le finnítithe; teip miontuairiscí cruinnithe neamhfhoirmiúla a reáchtáladh le finnítithe a choimeád; agus teip tuairiscí a sholáthar ón gcóras TF, a bheadh ag comhthacú le dearbhuithe an Ghearánaigh go raibh bainisteoirí líne ar an eolas faoin gcleachtas a bhain le rátaí úis a bhí níos airde ná rátaí margaidh. Bunaithe ar an bhfianaise, níor mheas an tOifigeach Breithnithe gurb ionann ráta úis níos airde ná an ráta margaidh a ghearradh agus mí-iompar. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe nár léirigh an Banc go raibh meabhlú déanta ar aon duine



nó go raibh aon bheartas nó aon sainordú sáraithe ag an nGearán. Cé gur iarr an Gearánach go ndéanfaí é a aiscur chuig a ról, bhí imní ar an mBanc go bhféadfadh a aiscur a bheith mar bhonn le “easaontas agus aighneas amach anseo agus caidreamh searbhach b’fhéidir”. Níor cuireadh aon fhianaise dhíreach maidir le haon bhonn a bheith le himní den sórt sin, i láthair, áfach. Chinn an tOifigeach Breithnithe sna himthosca gur thug an fhianaise le fios nach mbeadh aiscur an Ghearánaigh mar bhonn le heasaontas, aighneas nó searbas.

D’ordaigh an tOifigeach Breithnithe go ndéanfar an Gearánach a aiscur chuig an bpost a bhí aige roimh a dhífhostú de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna a raibh sé fostaithe díreach roimh a dhífhostú i dteannta le téarma go measfar go dtosóidh an t-aiscur ar lá an dífhostaithe.

Tá an cás seo tábhachtach mar go léiríonn sé gur féidir aiscur a ordú i gcásanna ina gcinneann an tOifigeach Breithnithe go bhfuil dífhostú éagórach, lena n-áirítear dífhostú mar gheall ar eachtraí arb ionann iad agus iompar tromchúiseach dar leis an bhfostóir. Ní bheidh fostóir in ann ordú aiscur a fháil a sheachaint go simplí trí argóint a dhéanamh nach ann níos mó d’iontaoibh agus do mhuintir dar leis.

#### **Oifigeach Banc v Banc, ADJ-00014020, an 26 Deireadh Fómhair 2018**

**Nocht an Gearánach go bhféadfadh go mbeadh comhairle curtha aige ar chustaiméir ainm a iarfhír chéile a shíniú ar chúl seic. Cinneadh go raibh an dífhostú éagórach go substaintiúil agus de réir nós imeachta, ach chinn an tOifigeach Breithnithe, áfach, gur chuir an Gearánach go substaintiúil lena dhífhostú.**

Measadh go raibh an Gearánach i mbun feidhm rialúcháin faoi cheanglais oiriúnachta agus ionracais an Bhainc Ceannais. Ar an 27 Meán Fómhair 2017, nocht an Gearánach dá bhainisteoir, ar an 25 Meán Fómhair 2017, gur chomhairligh sé do chustaiméir ainm a iarfhír chéile a shíniú ar chúl seic ionas go bhféadfadh sí an seic a lóisteáil ina cuntas. Ansin rinneadh an ní a imscrúdú i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha an bhainc.

Cinneadh i ndiaidh an imscrúdaithe a dhéanamh go raibh cás le freagairt ag an nGearánach. Reáchtáladh éisteacht araíonachta ar an 7 Nollaig 2017. Ar an 2 Eanáir 2018, cuireadh in iúl don Ghearánach go raibh cinneadh déanta é a dhífhostú le héifeacht láithreach ar an mbonn gur chomhairligh sé do chustaiméir gníomh calaoiseach a dhéanamh, síniú a bhrionnú, arb ionann é agus iompar tromchúiseach. Rinne sé an toradh a achomharc ar an 2 Feabhra 2018. Ar an 20 Feabhra, sheas an Banc lena chinneadh é a dhífhostú. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an dífhostú éagórach go substaintiúil agus de réir nós imeachta. Chuir an Gearánach go substaintiúil, áfach, lena dhífhostú agus bhí sé seo le tabhairt faoi deara i méid na dámhachtana. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur cheart don Fhreagróir **€10,000** a íoc leis an nGearánach mar chúiteamh ar an dífhostú éagórach.

#### **Freastal Réasúnta**

**Aturnae v Seirbhís Dí, ADJ-00011821, an 7 Meán Fómhair 2018**

**Éileamh tugtha faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta. Aturnae ba ea an Gearánach a bhí ag iarraidh a bheith ag obair ón mbaile. Bhí titimeas uirthi agus bhí blianta fada caite aici ag obair don Fhreagróir. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur theip ar an bhFreagróir freastal réasúnta a dhéanamh ar an nGearánach.**

Bhí an Gearánach fostaithe mar aturnae ag an bhFreagróir ó Márta 2001. Bhí titimeas uirthi agus theastaigh uathu go mbeadh an rogha aici a cuid oibre a dhéanamh ón mbaile. Ní raibh aon díospóid ann maidir lena míchumas. D’fhulaing sí géarthaomanna agus bhí sé iarratas déanta aici idir Márta 2015 agus Feabhra 2017 a cuid oibre a dhéanamh ón mbaile, ach diúltaíodh dá hiarratais ar fad. Shonraigh an Gearánach go raibh freastal den sórt sin déanta ar chomhghleacaithe eile.

Luaigh an Gearánach Marie Daly v Scoil Nano Nagle [2018] IECA 11 (An Chúirt Achomhairc, an 31 Eanáir, 2018) nuair a dheimhnigh an Chúirt Achomhairc an cinneadh a bhí déanta ag Oifigeach Comhionannais: “Is pointe simplí atá le déanamh; baineann an oibleagáid reachtúil go hoibiachtúil le cibé acu atá nó

nach bhfuil an fostóir ag comhlíonadh na hoibleagáide freastal réasúnta a dhéanamh... 'Ar a laghad, éilíonn sé ar gach fostóir measúnú iomlán agus cuí a dhéanamh ar an bhfianaise leighis ar fad atá ar fáil agus, más gá, breis comhairle leighis a fháil sa chás nach bhfuil an fhianaise atá ar fáil dochloíte."

Dhiúltaigh an Freagróir freastal ar an nGearánach ar an mbonn go raibh tuairisc leighis faighte aige ina sonraíodh nach mbeadh de thoradh a leithéid a cheadú ach 'laghdú suntasach' ar a leibhéal struis agus ag féachaint do nádúr a dualgas 'túslíne' mar atur nae. D'iarr an Freagróir go bhféadfaí brath ar Chlub Sláinte agus Corpacmhainne v Oibrí (EED037): "Ar an dara dul síos, más léir nach bhfuil an fostaí láninniúil, éilíonn Alt 16(3) den Acht ar an bhfostóir céard, más ann dóibh, an chóir nó na háiseanna speisialta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ionas gur féidir leis an bhfostaí a bheith láninniúil". D'argóin an fostóir gur fhreastail sé ar mhíchumas an éilitheora roimhe sin trína chinntiú go raibh seachtain oibre níos giorra ag an éilitheoir.

Shonraigh an Gearánach gur theip ar an bhFreagróir aon chinneadh bona fide agus eolasach a dhéanamh roimh theacht ar chonclúidí trí theip plé a dhéanamh ar bhealach suntasach ar conas a d'fhéadfadh an socrú molta oibriú i ndáiríre agus/nó conas a d'fhéadfaí cúraimí an Ghearánaigh a eagrú ionas go n-oibreoidh an socrú d'ainneoin gur gheall an Gearánach na dualgais a bhaineann lena ról a dhéanamh ar a 'lá baile'.

Shonraigh an tOifigeach Breithnithe gurb í an cheist a bhí le cur anseo cibé an bhféadfadh rannpháirtíocht 'fosta' cabhrú le toradh tubaisteach a sheachaint, rud a tharla cheana i gcás an ghearánaigh, agus bhí an chuma ar an scéal nár chuir an Freagróir é seo san áireamh nó nár ghlac sé leis gur fachtóir suntasach ba ea é seo. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe gurb ionann tionchar íosta ar an bhféidearthacht go dtarlódh teagmhas bagrach don bheatha agus freastal réasúnta. Chinn an tOifigeach Breithnithe gurb ionann teip an Fhreagróra é seo a chur san áireamh agus sárú ar a chuid oibleagáidí.

Rinne an tOifigeach Breithnithe **€30,000** a dhámhachtain don Ghearánach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

## **Gnéaschiapadh - Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta**

**Fáilteoir v Cuideachta Páirteanna Cairr, ADJ-00009794, an 7 Márta 2018**

***Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh gnéaschiapadh déanta ar an nGearánach agus go raibh sí dífhostaithe ar chúiseanna idirdhealaitheacha. Rinneadh cúiteamh a dhámhachtain uirthi agus chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an t-uasdámhachtain infheidhme.***

Bhí an Gearánach fostaithe ag an bhFreagróir ón 6 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 13 Aibreán 2017. Mhaígh sí go ndearna úinéir na cuideachta gnéaschiapadh uirthi agus gur dífhostaíodh í mar gur dhiúltaigh sí don iompar gnéasach a rinne an t-úinéir ina leith. Tharla an chéad eachtra de ghnéaschiapadh ag cóisir Nollag oibre agus lean sé go dtí gur dífhostaíodh í. Ar maidin an 13 Aibreán, chinn an Gearánach ceist a chur ar an Stiúrthóir Bainistíochta maidir le hardú pá. Bhí sí ag obair ansin ar feadh breis is 6 mhí agus le linn an agallimh d'iarr sí an bhféadfadh sí ardú pá a fháil tar éis 3 mhí. Mheas sí go raibh méadú ar a pá seachtainiúil tuilte aici, go háirithe mar gheall ar an méid breise am taistil agus costas a bhain le taisteal chomh fada leis an mbrainse nua. Chuir an Stiúrthóir Bainistíochta in iúl di go ndéanfadh sé a mhachnamh ar an gceist. Ghlaigh sé chun na hoifige uirthi níos déanaí an lá sin agus d'inis sé di nach raibh sé chun ardú pá a thabhairt di agus go raibh cinneadh déanta aige ligean léi. Dúirt an Gearánach gur baineadh geit aisti. D'iarr sí air an chúis a phlé léi agus dúirt sé léi gur chuir an t-úinéir in iúl dó nach bhféadfadh sé labhairt léi níos mó. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh gnéaschiapadh déanta ar an nGearánach agus go raibh sí dífhostaithe ar chúiseanna idirdhealaitheacha de réir bhrí an Achta. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an dámhachtain uasta infheidhme, bunaithe ar an iompar míchuí, agus gur chaill an Gearánach a post mar gur dhiúltaigh sí don iompar sin.

De réir Alt 82 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, d'ordaigh an tOifigeach Breithnithe don Fhreagróir **€46,000** a íoc leis an nGearánach mar chúiteamh don anacair agus do na héifeachtaí

a bhí ag an gcóir idirdhealaitheach, gnéaschiapadh agus dífhostú idirdhealaitheach. Chomh maith leis sin, d'ordaigh an tOifigeach Breithnithe don fhostóir cód cleachtais maidir le ciapadh a bhunú agus a chinntiú go raibh an fhoireann ar fad ar an eolas maidir lena bhfuil luaite sa chód.

### **Gníomhaire Tacaíochta Teicniúla -v- Cuideachta Ionad Teagmhála, ADJ-00008084, an 31 Bealtaine 2018**

***Mhaígh an Gearánach gur tharla ciapadh agus gnéaschiapadh san áit oibre, agus go ndearnadh idirdhealú ina leith ar an bhforas inscne i ndáil lena coinníollacha fostaíochta agus go ndearnadh íospairt ina leith. Chomh maith leis sin, mhaígh an Gearánach go ndearnadh í a dhífhostú go hinchiallaithe óna cuid fostaíochta. Seasadh leis na gearáin seo.***

Sa chás seo, mhaígh an Gearánach go ndearnadh ciapadh agus gnéaschiapadh ina leith san áit oibre contrártha d'Alt 14A de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2015. Chomh maith leis sin, mhaígh an Gearánach go ndearnadh idirdhealú ina leith ar an bhforas inscne i ndáil lena coinníollacha fostaíochta contrártha d'Alt 8 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Mhaígh an Gearánach go ndearnadh íospairt ina leith contrártha d'Alt 74(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus go ndearnadh í a dhífhostú go hinchiallaithe óna cuid fostaíochta. Bhí an Gearánach ag obair don Fhreagróir ina ionad teagmhála idir 2014 agus tús 2017, tráth ar éirigh sí as a cuid oibre mar gheall ar na coinníollacha a raibh uirthi déileáil leo sa timpeallacht oibre. Rinne sí cur síos ar naoi gcás de ghnéaschiapadh a bhain leis an gceannaire/maoirseoir foirne a bhí aici ag an am, ó bhéal agus go fisiciúil. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh ar an nGearánach déileáil le “timpeallacht oibre a bhí thar a bheith gránna agus náireach ar feadh roinnt míonna agus gurb é a Ceannaire Foirne, a bainisteoir líne, ba chúis leis an iompar seo.”

Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh roinnt easnamh suntasach agus teipeanna bunúsacha i dtéarmaí modh déanta an imscrúdaithe ar na líomhaintí ciaptha agus na conclúidí

ar thángthas orthu i ndiaidh críoch a chur leis an bpróiseas. Chomh maith leis sin, chinn an tOifigeach Breithnithe gur theip ar an bhFreagróir gníomhú mar is cuí mó bearta leordhóthanacha a bhunú i ndiaidh an imscrúdaithe chun éifeachtaí chóireáil an Ghearánaigh a aisiompú agus tuilleadh ciaptha agus gnéaschiaptha a chosc. Chinn an tOifigeach Breithnithe nach bhféadfadh an Freagróir leas a bhaint as an gcosaint dá bhforáiltear le hAlt 14(A)(2) de na hAchtanna agus go raibh sé, dá réir sin, faoi dhliteanas i leith an chiaptha agus an ghnéaschiaptha a d'fhulaing an Gearánach.

I ndiaidh an imscrúdaithe a thabhairt chun críche, d'eisigh an Freagróir litir don Ghearánach ina sonraíodh an méid seo a leanas, “bhí tionchar diúltach ag an gcinneadh a rinne sí éirí as a post ar a comhghleacaithe agus ar fheidhmiú an ghnó agus níl sé seo inghlactha” agus go bhfuil “gá le feabhas suntasach agus leanúnach láithreach bail”, roimh mholadh a dhéanamh go bhféadfaí gníomh araíonachta a dhéanamh ina leith. Sheas an tOifigeach Breithnithe leis an gcinneadh “nach raibh gá nó bonn cirt ar bith leis seo”. Chinn an tOifigeach Breithnithe gurb ionann é seo, i dteannta le dhá ghníomh eile, agus íospairt. San áireamh i gceann amháin eile de na gníomhartha íospairtha seo bhí teachtaireacht bhréige Facebook á cruthú ag an Uasal A a thug le fios go raibh an Gearánach freagrach as imeaglú ina leith, i ndiaidh di gearán a dhéanamh maidir lena iompar. Chuir an Gearánach go láidir i gcoinne na tuisceana go raibh sise freagrach as an teachtaireacht seo. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur finn é inchreidte ba ea í.

Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh teip an Fhreagróra déileáil go héifeachtach agus go cuí leis an gciapadh agus leis an ngnéaschiapadh imshocraithe agus géaraithe tuilleadh mar gheall ar ghníomhartha agus easpa gníomhartha na bainistíochta i ndiaidh an phróisis imscrúdaithe a thabhairt i gcrích. Sna himthosca, chinn an tOifigeach Breithnithe gurb ionann iompar an Fhreagróra agus an bonn a bhaint den chaidreamh iontaoibhe agus muiníne idir na páirtithe, agus go raibh sé míréasúnta sna himthosca agus go raibh an Gearánach i dteideal a mhaíomh go raibh sí dífhostaithe go hinchiallaithe.

D'ordaigh an tOifigeach Breithnithe don Fhreagróir **€35,000** a íoc lena iarfhóstaí mar gheall ar an anacair a d'fhulaing sí agus éifeachtaí an idirdhealaithe, ciapadh agus dífhóstu inchiallaithe idirdhealaitheach, agus **€10,000** breise mar gheall ar an íospairt.

## **Iomarcaíocht & Saoire Atharthachta**

**Gairneoir v Ionad Garraíodóireachta, ADJ-0008251, an 9 Bealtaine 2018**

***Tá dífhóstu fad is atá duine ar shaoire atharthachta éagórach mar gheall ar Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016. Ba é a bhí á cheistiú dífhóstu faoi chlóca na hiomarcaíochta.***

Bhí an Gearánach fostaithe ag an bhFreagróir ó 2014, ag fáil pá seachtainiúil €615.38, as a bheith ag obair mar bhainisteoir agus ceannaitheoir i Limistéar na bPlandaí.

Rinne an Freagróir an cinneadh fógra iomarcaíochta a thabhairt don Ghearánach i nDeireadh Fómhair 2016 mar go raibh a ghnó á atheagrú aige agus go raibh ceann de na hasraonta le dúnadh. Foirceannadh fostaíocht an Ghearánaigh ar an 1 Eanáir 2017. Fuair an Gearánach téacsteachtairacht ar an 11 Eanáir 2017 tráth a raibh sé ar shaoire atharthachta i ndiaidh tréimhse saoire bhreiteacha ag iarraidh air freastal ar chruinniú an lá dár gcionn. Chuir an Freagróir in iúl don Ghearánach ag an gcruinniú go raibh post nua do 'Bainisteoir Cúnta' á chruthú agus go raibh an ról a bhí aige iomarcach.

D'iarr an Gearánach an raibh aon ról eile dó agus dúradh leis nach raibh agus aon rud a bhí fágtha aige ar a dheasc a thabhairt leis agus imeacht láithreach. Rinne an tOifigeach Breithnithe idirdhealú idir dhá shaincheist a tháinig chun cinn. Bhain an chéad saincheist leis an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016, a bhí simplí sa chás seo mar gur chomhaontaigh an dá pháirtí go raibh an Gearánach ar shaoire atharthachta nuair a cuireadh in iúl dó go raibh a phost iomarcach. Tá dífhóstu fad is atá duine ar shaoire atharthachta éagórach go huathoibríoch mar gheall ar alt 20 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, 2016.

Ba í an dara saincheist, cibé an raibh nó nach raibh iomarcaíocht dháiríre i gceist sa chás seo agus, má bhí, an leanadh na nósanna imeachta cearta. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe go raibh easpa soiléir machnaimh déanta ar na roghanna malartacha. Bhraith an Gearánach ar dicta an Breitheamh Justice Peter Charleton sa treoirchás JVC Europe Ltd v Panisi [2012] 23 E.L.R 70 [IEHC] 279, áit ar thagair an breitheamh d'fhoirceannadh faoi 'chlóca na hiomarcaíochta' mar dhífhóstu, seachas mar iomarcaíocht. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an Gearánach dífhóstithe go héagórach. De bhrí nach raibh cailteanas an Ghearánaigh ach thar a bheith teoranta, áfach, d'éirigh leis fostaíocht agus pá níos airde a fháil trí seachtaine i ndiaidh don Fhreagróir é a dhífhóstu, chinn an tOifigeach Breithnithe ceithre seachtaine cúitimh a dhámhachtain, arbh fhiú **€2,461.52** é.

## **An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000**

**Tiománaí v. Gnó Troscáin, ADJ-00010961, an 21 Márta 2018**

***Chinn an tOifigeach Breithnithe sa chás go dtuilleann oibrí roinnt mhaith airgid sa bhreis ar an bpá íosta náisiúnta, nach bhfuil dualgas ar fhostóir faisnéis áirithe a chur ar fáil faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta agus go bhfuil sé i dteideal a iarraidh ar an oibrí a dhuillíní pá a sheiceáil.***

Ghlac ionadaí an Ghearánaigh leis gur thuill a chliant go maith os cionn an phá íosta ach d'argóin sé go raibh oibleagáid ar an bhfostóir, faoi Alt 23 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, ráiteas a chur ar fáil d'fhóstaí ar a raibh ráta pá in aghaidh na huaire an fhostaí sonraithe. Rinneadh an argóint, dá réir sin, beag beann ar ráta pá iarbhír an Ghearánaigh, go raibh an tAcht á shárú go teicniúil ag an bhFreagróir. Shonraigh ionadaí an Ghearánaigh go raibh iarratas déanta ag a chliant ar ráiteas dá leithéid a fháil, ach nár cuireadh an ráiteas ar fáil. Mheas ionadaí an Ghearánaigh go raibh freagra an Fhreagróra ar an iarraidh, gur cuireadh duillíní pá ar fáil don Ghearánach agus gur leor é sin, leordhóthanach agus go raibh an reacht á shárú.

Chinn an tOifigeach Breithnithe nach bhfuil an oibleagáid atá ar fhostóir ráiteas a sholáthar de bhun Alt 23 absalóideach, bhí duillíní pá cearta á bhfáil ag an nGearánach, agus chomhaontaigh na páirtithe gur thuill an Gearánach níos mó ná an pá íosta náisiúnta. Dá réir sin, ní fhéadfadh cinneadh ar bith an staid idir na páirtithe a athrú nó a fheabhsú. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh sé fánach agus cráiteach an cás a thabhairt agus rinneadh an cás a dhíbhé.

### **Dífhostú Éagórach Inchiallaithe**

**Bainisteoir Airgeadais v. Cuideachta Fónais, ADJ-00013862, an 12 Nollaig 2018**

***D'éirigh leis an nGearánach lena gearán maidir le dífhostú éagórach inchiallaithe ar an bhforas gur bunaíodh sárú ar chonradh. Chinn an tOifigeach Breithnithe gur cuid den téarma intuigthe iontaoibhe agus muiníne é go bhfuil oibrí i dteideal, óna fhostóir, nach bhfuil aon tionchar ag gaol teaghlaigh ar conas a chuirtear obair i gcrích san áit oibre.***

Thosaigh an Gearánach ag obair don Fhreachóir in 2011 agus thaitin a post go mór léi. Moladh an Gearánach as an obair a bhí á déanamh aici. In Eanáir 2017, ceapadh an tUasal A. mar bhainisteoir an Ghearánaigh. Bhí deartháir, nia, agus deartháir céile leis an Uasal A. fostaithe ag an bhFreachóir. Ba é an tUasal A. deartháir an bhainisteora a mhol an obair a bhí ar bun ag an nGearánach roimhe sin. Ar dtús, bhí caidreamh maith oibre idir an Gearánach agus an tUasal A. Ach faoin 13 Eanáir, áfach, bhí sé curtha in iúl ag an Uasal A. don Ghearánach, cé go raibh a post sábháilte, go raibh poist eile i mbaol. Ar an 25 Eanáir, d'inis sé don Ghearánach glacadh le hiomarcaíocht nó le post níos sóisearaí laistigh den eagraíocht. Ar an 3 Feabhra, d'inis an tUasal A. do sheomra lán de chomhghleacaithe an Ghearánaigh nach mbeadh an Gearánach ag feidhmiú mar bhainisteoir níos mó. Níor tugadh cuireadh don Ghearánach freastal ar chruinnithe bainistíochta ina dhiaidh sin. Dar leis an nGearánach, go raibh an tUasal A. ag cur in iúl i rith na gcruinnithe pearsanta eatarthu go raibh a post sábháilte, agus san am céanna, nach raibh a post sábháilte.

D'éirigh leis an ngearán a rinne an Gearánach maidir le dífhostú éagórach inchiallaithe ar an bhforas gur sáraíodh conradh mar gur chinn an tOifigeach Breithnithe gur cuid den téarma intuigthe iontaoibhe agus muiníne é go bhfuil oibrí i dteideal, óna fhostóir, nach bhfuil aon tionchar ag gaol teaghlaigh ar conas a chuirtear obair i gcrích san áit oibre.

Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an Gearánach i dteideal cúiteamh a fháil as a caillteanas airgeadais. Chuir an tOifigeach Breithnithe san áireamh nach bhfuil aon locht ar an nGearánach chomh fada is a bhain leis na teagmhais ba chúis lena dífhostú, an tionchar tromchúiseach agus fadtéarmach ar a sláinte agus folláine, agus gur chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh a oibleagáidí conarthacha á sárú ag an bhFreachóir vis-à-vis an Gearánach, seachas “nach raibh” i gceist ach iompraíocht mhírreasúnach. Mheas an tOifigeach Breithnithe go raibh sé cóir agus cothromasach sna himthosca ar fad de bhun fhorálacha S. 7(1)(c)(ii) na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, suim **€35,000**, a dhámhachtain ar an nGearánach arb ionann é agus luach saothair bliana.

## Idirdhealú agus Ciapadh

Comhalta Foirne v Miondíoltóir, ADJ-00010962, an 25 Meitheamh 2018

*Cás faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta inar líomhain an Gearánach ciapadh ar an bhforas ciapadh ciníoch a bheith á dhéanamh ag comhghleacaí oibre.*

Tugadh an cás ar an bhforas cine faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Fear ón gCéinia a ndearna comhghleacaí oibre ciapadh ciníoch air a thug an cás. Bhí comhghleacaí ag tabhairt ainmneacha air go rialta. San áireamh i gceann de na teagmhais bhí “bob a bhualadh” ar an nGearánach.

D'iarr comhghleacaí oibre air dul chomh fada leis an deasc um sheirbhís do chustaiméirí áit a ligean a chomhghleacaí air gur oifigeach inimirce é, agus dúradh leis an nGearánach tuairisciú do na seirbhísí inimirce láithreach mar gur measadh go raibh na doiciméid a bhí curtha ar fáil aige neamhdhleathach. Rinne sé gearán lena fhostóir i ndiaidh an teagmhais agus chinn an tOifigeach Breithnithe nach raibh na nósanna imeachta a leanadh leordhóthanach. Chinn an tOifigeach Breithnithe go ndearnadh ciapadh ar an nGearánach ar an bhforas cine contrártha d'alt 14 A de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2015 agus chinn an tOifigeach Breithnithe gur theip ar an bhFreagróir (mórdhíoltóir suntasach) sa chás seo, nuair a cuireadh an ciapadh in iúl dó, bearta praiticiúla réasúnacha a dhéanamh chun an ciapadh (ciapadh an Ghearánaigh) a chosc agus na héifeachtaí a aisiompú”. Rinneadh **€10,000** a dhámhachtain don Ghearánach.

Jonathon Brennan v Beulah Print – DEC-S2018-20, an 9 Samhain 2018

*Tógadh an cás seo faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015. Ba é an ní a bhí faoi shaincheist, cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh idirdhealú in aghaidh an ghearánaigh nuair a dhiúltaigh an Freagróir seirbhís a chur ar fáil dó mar gheall ar a ghnéaschlaonadh.*

San áireamh sa chás bhí éileamh thar ceann an Ghearánaigh go ndearna an Freagróir idirdhealú agus ciapadh ina aghaidh, ar an bhforas gnéaschlaonta agus reiligiún, nuair a dhiúltaigh an Freagróir, soláthróir seirbhís priontála, cuirí do pháirtnéireacht shibhialta an Ghearánaigh a phriontáil. Tugadh an t-éileamh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a choisceann idirdhealú i soláthar earraí agus seirbhísí ar an bhforas gnéaschlaonta. Bhain an cás le fear aerach a bhí ag iarraidh cuirí a phriontáil dá pháirtnéireacht shibhialta agus ar dhiúltaigh an chuideachta priontála rochtain ar an tseirbhís dó. Bhí gnó déanta ag an nGearánach le cuideachta an Fhreagróra roimhe sin agus ní raibh aon deacracht aige. Bhí an tOifigeach Breithnithe sásta bunaithe ar an bhfianaise ar fad a cuireadh ar fáil gur dhiúltaigh an Freagróir na cuirí a d'iarr an Gearánach a phriontáil nuair a thuig sé gur bhain na cuirí le searmanas an Ghearánaigh lena pháirtnéir comhghnéis agus gurb ionann é seo agus idirdhealú ar an bhforas gnéaschlaonta

Chinn an tOifigeach Breithnithe go ndearna an Freagróir idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh ar an bhforas gnéaschlaonta contrártha d'Alt 3 de na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000 - 2015. D'ordaigh an tOifigeach Breithnithe go n-íocfadh an Freagróir **€2,500** leis an nGearánach mar chúiteamh. Chinn an tOifigeach Breithnithe nach ndearna an Freagróir idirdhealú in aghaidh an Ghearánaigh ar an bhforas reiligiún agus nach ndearna an Freagróir ciapadh ar an bhforas reiligiún contrártha d'Alt 11 de na hAchtanna um Stádas Comhionann.



## **Freagróir Ceart**

**Stiúrtóir Cúnta Scannán faoi Oiliúint v X  
Productions DAC, ADJ-00005397, an 20 Lúnasa 2018**

*Sa chás gur luaigh Freagróir go mícheart, nuair a bhí sé sásta go raibh fostóir an Ghearánaigh ar an eolas maidir leis na gearáin agus an díospóid, tugadh gach deis dó chun éisteachta, chinn an tOifigeach Breithnithe go bhféadfaí an t-ainm ar an bpáipéarachas a leasú chun an teideal dlíthiúil ceart a thaispeáint.*

Bhí an Gearánach fostaithe ag 'X Productions DAC' ar chonradh sainchuspóra mar Stiúrtóir Cúnta faoi Oiliúint le haghaidh léiriú scannán a bhí le rith idir an 20 Meán Fómhair - an 25 Samhain 2016. Thuill sí pá comhiomlán €700 in aghaidh na seachtaine. D'áitigh sí go raibh sí dífhostaithe go hachomair dhá sheachtain isteach sa chonradh agus nach raibh an 12 mhí seirbhíse riachtanacha déanta aici chun gearán a dhéanamh faoi Acht um Dhífhostú Éagórach 1977, agus d'iarr sí cúiteamh faoi Alt 13 d'Acht Caidrimh Thionscail 1969. Chomh maith leis sin, d'iarr sí cúiteamh le haghaidh teip líomhnaithe an Fhreagróra ráiteas scríofa a chur ar fáil di ar a raibh sonraí a cuid fostaíochta contrártha d'Alt 3 d'Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus a iarraidh uirthi uaireanta iomarcacha a oibriú in aghaidh na seachtaine contrártha d'Alt 15 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997, agus gan sosanna reachtúla a thabhairt di contrártha d'Alt 12 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.

Bhí an tOifigeach Breithnithe sásta go raibh fostóir an Ghearánaigh ar an eolas maidir leis na gearáin agus an díospóid agus gur tugadh gach deis chun éisteachta dó.

Chinn an tOifigeach Breithnithe, cosúil le haon leasú ar shonraí na bpáirtithe, nach bhféadfaí ainm an Fhreagróra a leasú go simplí ar an bpáipéarachas chun an teideal dlíthiúil ceart a thaispeáint. Mar réamhchúram breise, áfach, thairg an tOifigeach Breithnithe atráth d'Ionadaí an Fhreagróra lena chinntiú go bhféadfadh na finnítithe ábhartha ar fad a bheith i láthair agus go bhféadfaí aon taifid a bhaineann le ham oibre mar fhianaise ar na gearáin a chur ar fáil. Diúltaíodh dó seo sna himthosca inar

géilleadh nach bhféadfadh aon fhinnítithe nó aon fhianaise dhoiciméadach cur leis an gcosaint.

**Nochtadh Cosanta agus Dífhostú Éagórach  
Tiománaí Bus v Iar-Chomhghleacaí ag trádáil mar  
chuideachta fruilithe busanna, ADJ- 00008479, an  
20 Meitheamh 2018**

*Rinneadh gearán maidir le dífhostú éagórach in imthosca inar áitigh an Gearánach gur dífhostaíodh é mar go ndearna sé nochtadh cosanta.*

*Scrúdaigh an tOifigeach Breithnithe na forálacha i ndáil leis an dífhostú éagórach agus na nochtuithe cosanta. Chinn sí, cé go raibh nochtadh cosanta déanta, nár eascair an cinneadh dífhostaithe go hiomlán nó go príomha ón nochtadh.*

Rinne an Gearánach gearán maidir le Dífhostú Éagórach in aghaidh an Fhreagróra, duine aonair a bhí ag trádáil mar Chuideachta Fruilithe Busanna faoi Alt 8 de na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015. Ina dhiaidh sin, rinne sé na gearáin faoi Alt 7 den Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus Alt 11 den Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta 1973.


Ceann de na saincheistanna a bhain leis an gcás seo ba ea cibé an raibh nó nach raibh an Gearánach dífhostaithe mar go ndearna sé nochtadh cosanta. Chinn an tOifigeach Breithnithe, go raibh dlínse an WRC déileáil leis an ngearán, ó tharla go raibh níos lú ná 12 mhí seirbhíse i gceist, bunaithe ar nochtadh cosanta a dhéanamh de réir bhrí Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, agus go raibh sé riachtanach go ndéanfadh an tOifigeach Breithnithe cinneadh faoin tsaincheist sin ar dtús. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe gur fhoráil Alt 5(8) d'Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 in imeachtaí lena mbaineann saincheist maidir le cibé an nochtadh cosanta nó nach ea é nochtadh, go bhfuil toimhde ann go bhfuil, go dtí go léirítear a mhalairt. Bhí sé riachtanach fós, áfach, a chinntiú go mbeadh an tOifigeach Breithnithe sásta go ndearna an Gearánach nochtadh cosanta de réir bhrí Acht 2014, agus gur ní é nach mór don Ghearánach a bhunú. Mura raibh nochtadh cosanta a dhéanamh laistigh de bhrí Acht 2014 bunaithe, ansin ní mór go dteipfeadh ar an ngearán. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe sa chás go raibh sé bunaithe go raibh



nochtadh cosanta déanta, go raibh sé riachtanach a chinneadh cibé ar eascair an dífhostaí 'go hiomlán nó go príomha' ón nochtadh sin a dhéanamh. Glacadh leis go raibh an dífhostú éagórach murach go bhféadfadh an fostóir a léiriú nár eascair sé 'go hiomlán nó go príomha' ón nochtadh cosanta i gceist a bheith á dhéanamh ag an bhfostaí. Rinne an tOifigeach Breithnithe idirdhealú idir gearáin a bhain le pionósú faoi Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, áit i gcás Aidan and Henrietta McGrath Partnership -v- Monaghan PDD162, gur mheas an Chúirt Oibreachais gurb é an 'but for' test an tástáil infheidhme. Shonraigh an tOifigeach Breithnithe, áfach, gurb ionann an gearán ábhartha agus dífhostú éagórach (ní pionósú) faoi Alt 6(2) d'Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 arna leasú le hAcht um Nochtuithe Cosanta 2014, áit a bhforáiltear go measfar gurb ionann dífhostú fostaí agus dífhostú éagórach má eascraíonn sé 'go hiomlán nó go príomha' as nochtadh cosanta a bheith déanta.

Sa chás seo, chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh nochtadh cosanta déanta ag an nGearánach de réir bhrí an Achta. Ansin bhí uirthi a fháil amach cibé ar eascair nó nár eascair a dífhostú 'go hiomlán nó go príomha' as an nochtadh sin a dhéanamh. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an dualgas cruthúnais á fhrisnéis ag an bhFreagróir agus nár eascair dífhostú an Ghearánaigh 'go hiomlán nó go príomha' as nochtadh cosanta a dhéanamh. Bhí an tOifigeach Cosanta sásta go raibh an cinneadh gan an Gearánach a dhífhostú, bunaithe ar chonarthaí an Fhreagróra leis an tSeirbhís Iompair a chosaint agus nach raibh an cinneadh déanta mar thoradh ar nochtadh cosanta an Ghearánaigh. Chinn an tOifigeach Breithnithe go raibh an gearán gan bhunús agus rinneadh é a dhíbhé. Maidir leis na gearáin eile, ordaíodh don Fhreagróir **€600** a íoc mar chúiteamh, **€480** faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus **€120** faoin Acht um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta 1973.





Áras Lansdún, Bóthar Lansdún,  
Droichead na Dothra,  
Baile Átha Cliath 4, Éire D04 A3A8.

Lansdowne House,  
Lansdowne Road, Ballsbridge,  
Dublin 4, Ireland D04 A3A8.

T: 1890 80 80 90

R: [info@workplacerelations.ie](mailto:info@workplacerelations.ie)  
[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

**WRC**

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre  
Workplace Relations Commission